



## RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA

### **Chuig gach aon fhostaí, chuig na daltaí is chuig gach aon chuariteoir chun na scoile.**

Táimidne, Bord Bainistíochta Ghaelscoil na Fuinseoige tiomanta dó go gcuirfear gach riachtanas a bhaineann le reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta i dtaca leis an scoil seo, i bhfeidhm go forghníomhach. An phríomhthréith a bhaineann leis an dearcadh atá againn i leith shláinte agus sábháilteacht ná go bhfuil gealltanas á thabhairt againn go cuirfear an ráiteas sláinte agus sábháilteachta i bhfeidhm agus go ndéanfar meastachán éifeachtachta air go rialta agus go gcoimeádfar suas chun dáta é dá bharr san. Agus an méid seo ar intinn againn, rinneamar measúnú riosca ar gach réimse gníomhartha agus oibríthe ar fud na scoile. Rinneamar an measúnú riosca seo a phlé leis na fostaithe cuí, agus d'oibríomar leis an gcoiste sábháilteachta chun an ráiteas sábháilteachta a ullmhú.

Leagtar amach sa ráiteas seo na bearta atá idir lámha againn chun an uile dhuine a oibríonn anseo, fhreastalaíonn ar, nó a thugann cuairt ar an scoil a chosaint.

Tacaíonn an Bord Bainistíochta leis an ráiteas seo, agus bhronnadar an fhreagracht ormsa mar Chathaoirleach, féachaint chuige go gcuirfear i bhfeidhm é. Táimse tiomanta do na spriocanna a leagann an ráiteas sláinte agus sábháilteachta amach a chomhlíonadh.

Is féidir eolas agus comhairle a fháil ó Aisling Uí Fhéich, Príomhoide na Scoile, faoi na bealaí inar féidir le cách cloí leis an ráiteas sábháilteachta seo, ach tá an fhreagracht ar an duine féin a oibríonn anseo mar mhúinteoir, mar chúntóir riachtanas speisialta, mar rúnaí, mar ghlantóir, mar fheighlí, nó a thagann ar cuairt, nó a bhíonn ar scoil ar aon bhealach eile, na rialacha seo a chomhlíonadh.

Tá an Bord Bainistíochta tiomanta d'oiliúint maidir le sláinte agus sábháilteacht a chur ar fáil do na fostaithe ionas go dtuigfidh siad go maith aon bhaol nó riosca a d'fhéadfadh bheith ann rompu.

Bímid ag súil go ndéanfaidh gach oibrí, gach dalta agus gach aon chuariteoir comhoibriú linn chun an sprioc seo d'ionad oibre gan timpiste a chruthú.

Caithfidh tusa bheith gníomhach maidir leis an ráiteas sábháilteachta de agus:-

- Feidhmiú de réir gach riail a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht
- Bheith ag obair go sábháilte ar bhealach nach gcuirfidh aon duine eile i mbaol
- Eolas agus tuiscint bheith agat faoi mheasúnú riosca
- Aon fhadhb a bhaineann le sláinte agus sábháilteachta chur in iúl d'Aisling Uí Fhéich, an Príomhoide.
- Aithne a bheith agat ar d'ionadaithe ar shábháilteacht agus aon cheist a bheadh agat maidir le sláinte agus sábháilteacht a chur orthusan.

Déanfar aon chomhairliúchán idir bhainistíocht agus fhostaithe a reáchtáil faoi choimirce an Choiste Sábháilteachta.

### **Is iad baill an Choiste Sábháilteachta ná:**

**Príomhoide:** Aisling Uí Fhéich  
**Oifigeach Sábháilteachta:** Rory Kennedy  
**Ionadaí Sábháilteachta:** Helen Mhic Gabhann

**Dáta Athbhreithnithe:** Fómhar 2018